| | |
|---|---|
| Cód: | QA224 |
| Teideal | **Ceapacháin mar Chomhaltaí Taca agus mar Chomhaltaí ar Cuairt in Institiúidí eile** |
| Dáta: | 27/11/2009 |
| Faomhadh: | APRC |

**1.0 Cuspóir**
Cead glacadh le ceapacháin mar chomhaltaí taca agus mar chomhaltaí ar cuairt in institiúidí eile.

**2.0 Tuairisc**
Tá an Ollscoil báúil leis an bhfoireann glacadh le ceapacháin mar léachtóirí taca agus mar léachtóirí ar cuairt in institiúidí eile. Tugann ceapacháin den sórt sin aitheantas do sheasamh an chomhalta foirne atá i gceist agus cuireann siad deiseanna ar fáil do chomhaltaí foirne naisc idirnáisiúnta a chruthú. Baineann na coinníollacha ginearálta seo a leanas le ceapachán mar chomhalta taca nó mar chomhalta ar cuairt a ghlacadh:

- Ní mór don cheapachán, agus teideal an cheapacháin san áireamh, a bheith ag teacht le seasamh an chomhalta foirne in Ollscoil na Gaillimhe
- Ní mór seasamh cuí a bheith ag an institiúid ag a bhfuil an ceapachán á thairiscint
- Níor cheart go gcuirfeadh an ceapachán isteach ar theagasc, ar thaighde ná ar dhualgais eile an chomhalta foirne ná níor cheart go gcuirfeadh sé ualach ar mhic léinn, ar chomhghleacaithe ná ar an Ollscoil go ginearálta
- Ní mór gach obair thaighde, gach foilseachán, etc., de chuid an chomhalta foirne a bheith luaite le hOllscoil na Gaillimhe
- Bainfidh na gnáthnósanna imeachta maidir le tréimhsí neamhláithreachta ó Ollscoil na Gaillimhe le neamhláithreacht a bhainfidh leis an gCeapachán mar Chomhalta Taca nó mar Chomhalta ar Cuairt.
- Déanfar cineál an cheapacháin mar chomhalta taca nó mar chomhalta ar cuairt soiléir ar aon liosta de chomhaltaí foirne san institiúid eile.

2.1 Cead
Ní mór do gach comhalta foirne iarratas a dhéanamh ar an bhfoirm i gceangal chuig an Uachtarán nó ainmní an Uachtaráin (an tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí) agus tacaíocht agus moladh óna C(h)eann Scoile nó ó Dhéan an Choláiste nó ón Uachtarán Ionaid agus Meabhránaí, mar is cuí. Féadfaidh an tUachtarán, nó ainmní an Uachtaráin, cead a tharraingt siar nó a leasú ag tráth ar bith. Coinneoidh an tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí clár de gach ceapachán agus is féidir é sin a chur ar taifead i dTuarascáil an Uachtaráin. Ní thagann na ceapacháin agus an obair seo a leanas faoi théarmaí an pholasaí seo: (i) Scrúdaitheoireachtaí Seachtracha; (ii) Scríbhneoireacht ócáideach ghinearálta; (iii) Léachtaí, agallaimh raidió nó theilifíse ó am go ham i gcás ina gciallaíonn ó am go ham gur annamh a tharlaíonn sé i seisiún agus/nó gur tréimhse ghearr a bhíonn i gceist leo astu féin nó san iomlán agus go dtugtar iad uair amháin nó níos mó ná sin i seisiún.

**3.0 Freagrachtaí**

| **Ainm** | **Freagracht** |
|---|---|
| An tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí: | Úinéir an Pholasaí |
| An tUachtarán (nó a | Cead a thabhairt agus/nó téarmaí na gceapachán a tharraingt siar/a |
| Ceann Scoile, Déan an Choláiste nó an tUachtarán Ionaid | Tacú le hiarratais agus a chinntiú go gcloíonn siad le téarmaí an pholasaí seo |
| Comhaltaí Foirne | Iarratais a chur isteach agus cloí le téarmaí an pholasaí seo |

**4.0 Ceangaltáin**

QA224 Foirm Iarratais
QA224 Foirm Iarratais – ar Rphost

***Ó**: An tIarratasóir*
***Chuig**: Oifig an Uachtaráin Ionaid agus Meabhránaí*
***Cc**: Uachtarán Ionaid agus Meabhránaí, Déan an Choláiste nó Ceann Scoile*

***Ábhar**: Cead glacadh le Ceapachán mar Chomhalta Taca nó mar Chomhalta ar Cuairt in Institiúid eile*

*A Chomhghleacaí, a chara,*

*Tar éis dom dul i gcomhairle leis an Uachtarán Ionaid agus Meabhránaí, nó Déan an Choláiste nó Ceann na Scoile (scrios de réir mar is cuí) ba mhaith liom cead a iarraidh glacadh le Ceapachán mar Léachtóir Taca nó mar Léachtóir ar Cuairt in Institiúid eile faoi na téarmaí atá leagtha síos i bpolasaí QA224.*

*Tá sonraí iomlána mo cheapacháin bheartaithe thíos.*

*Faoi iamh tá ráiteas aonleathanaigh de na buntáistí a bhfuiltear ag súil leo ón gceapachán dom féin, do mo Scoil, do mo Choláiste, don Ollscoil agus do na mic léinn.*

*Mise, le meas,*

*Ainm an Iarratasóra,*
*Scoil xxxxxxxxxxx*

___

1. *Ainm agus Seoladh na hÓstinstitiúide:*
2. *Teideal an Cheapacháin atá á thairiscint:*
3. *Fad an Cheapacháin (mm/bb-mm/bb):*
4. *Luach saothair (más ann dó) a ghabhann leis an gCeapachán:*
5. *Dualgais/oibleagáidí a ghabhann leis an gCeapachán:*
6. *Sonraigh líon na laethanta agus na dátaí a mbeidh tú as láthair ó Ollscoil na Gaillimhe:*

2